the arts council an chomhairle ealaíon

Ag forbairt na nEalaíon
Developing the Arts

Ráiteas Straitéiseach na Comhairle Ealaíon
Arts Council Strategic Statement

Deireadh Fómhair 2013
November 2013

CLAR ÁBHAIR

TEACHTAIREACHT AN CHATHAOIRLIGH 2

RÉAMHRÁ 3

AN CHOMHAIRLE EALAÍON 4
ÁR DTÉARMAÍ TAGARTHA 4
ÁR MISEAN 4
ÁR BPRIONSABAIL 5
ÁR NOBAIR 6

ÁR SPRIOCANNA IS ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA 7

TEACHTAIREACHT AN CHATHAOIRLIGH

Pribhleid a bhí ann leis an gComhairle Ealaíon a stiúradh le linn a 60ú breithlá agus ar aghaidh. Tá bród orm go leanfaimid ar aghaidh leis an méid sin a bhaint amach i dtaobh ár dtéarmaí tagartha chun na healaíona a chur chun chin, a fhorbairt, a thacú agus thairis sin a uchtúl. Tá an mórghníomh seo ann de dheasca shaineolas agus fuinneamh ó bhaill na Comhairle Ealaíon chomh maith le tiomantas agus eolas ó fhoireann na Comhairle. Ní féidir aon amhras bheith ann, fiú amháin ag tabhairt aghaidh ar bhrú gan fasach ar na hairgeadais phoiblí, go bhfuil ealaín den scoth i ngach disciplín á churthú agus taitneamh á bhaint ag luchtanna féachana anseo sa bhaile nó thar lear mar gheall go bhfuil an méid sin ealaíontóirí nualach agus diongbháilte gan teip.

Táim níos cinnte dearfa ná riamh go mbronnann na healaíona tairbhe ollmhór ar an bpobal. Is iomaí an tairbhe seo: síníonn sí ón bhfírinne agus ón áilleacht, trí chomhtháthú sóisialta agus féiniúlacht phobail, trí nuálacht agus na tionscail chruthaitheacha, go dtí turasóireacht chultúrtha agus infheistíocht dhíreach eachtrach. Ag féachaint as aon cheann de na dearcthaí seo, is iad na healaíona an tréithshíniú atá ag Éirinn, ár sainmharc hallmark, ár nglaochárta.

Tá na fírinní seo á gcur i gcontúirt ag fíricí tromchúiseacha áirithe, agus chun tosaigh acu siúd ná go bhfuil laghdú aon trian ar mhaoiniú na Comhairle Ealaíon sna cúig bliana beaga anuas. Tá a leithéid de mheath tobann is dian tar éis iarmhairtí chreachacha a imirt ar an infheistíocht phoiblí do an-chuid ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíonta, do na pobail ina mbíonn siad ag obair iontu, agus do na geilleagair a mbíonn siad ag tacú leo. Go hachomair, tá bochtanac suntasach tar eis imirt ar shochaí na hÉireann.

Deich mbliana tar éis an Achta Ealaíon 2003 Arts Act agus cúig bliana tar éis bharr taoide na hinfheistíochta poiblí san healaíona tríd an Chomhairle Ealaíon, táim go daingean leis an tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go dtéann an Chomhairle Ealaíon i ngleic le breithniú bunúsach ar conas freastal ar a dtéarmaí tagartha. Tá deighilt tar éis a fhorbairt idir múnla an t-soláthair ealaíon a cruthaíodh deich mbliana ó shin agus na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair. Cuireann réalaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíochta dúshláin agus deiseanna os comhair chleachtais agus soláthar reatha sna healaíona comh maith. Measaim go bhfuil sé freagrach agus riachtanach, áfach, go ndéanann an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú anois ar conas a phleanálann, a théann i bpáirtneireacht le, a sholathraíonn agus a chuireann na healaíona chun cinn in Éirinn. Cuirfidh an t-athbhreithniú seo an Comhairle Ealaíon in eolas maidir le polasaí agus straitéis amach anseo do na cúig bliana seo chugainn agus ar aghaidh agus chun go gcinnteofar inbhuanaitheacht agus inmharthanacht in earnáil ealaíon beoga in Éirinn.



Pat Moylan, Cathaoirleach
Samhain 2013

RÉAMHRÁ

Foilsímid an ráiteas straitéiseach seo ag am athraithe shuntasaigh sna healaíona. Tá ceangal ag an athrú seo le mórfhorbairtí sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha is teiceolaíocha. Ré na deise agus an dúshláin atá amach romhainn.

Eascraíonn an deis ó fhoinsí éagsúla. Tá an-chuid ealaíontóirí ag Éirinn agus earnáil ealaíon atá amhra i dtaobh uaillmhéine agus mórghnímh fothacaithe ag bonneagar forbartha, idir fhisiciúil is eagraíochtúil. Tá leibhéal ard suime, freastail is páirtíocht ag an bpobal sna healaíona. Thar na deichbhlianta tá forbairt déanta ag an gComhairle Ealaíon i raon lárpháirtnéireachtaí agus caidreamh comh-mhaoinithe a chabhraíonn leis na healaíona a neadú i saolta na bpobal ar fud na tíre. Leis na tosca dearfacha seo, is féidir forbairtí nua sa teicneolaíocht a chur leo ina gcuirtear an-chuid deiseanna ar fáil do chleachtas sna healaíona agus do rannpháirtíocht phoiblí.

Tá an-chuid dúshlán ann chomh maith. Tá cuid acu flosctha, ach cuid eile acu scrúdthach. Dúshlán amháin ar léir go mór a bheidh ar an gComhairle Ealaíon tabhairt faoi ná an laghdú suntasach is tobann ar mhaoiniú poiblí tar éis an mheatha sa mhórgheilleagar. Maidir leis an dáileadh cáinfhaisnéise is déanaí don Chomhairle Ealaíon (€55.895m do 2014) is leiriú é seo ar an laghdú 34% inár n-acmhainní airgeadais i dtréimhse sé bliana.

Tuigimid go ndíreoidh roinnt a léann an ráiteas straitéiseach ar cad atá ar intinn againn i dtaobh maoinithe de. Mar a léiríonn ár gcinntí sna blianta beaga anuas, ní féidir linn ráthaíocht a thabhairt le leanúint ar aghaidh leis an maoiniú, fiú amháin más fadasheasta. Agus ní féidir linn maoiniú a choinneáil ag an leibhéal reatha, nó b'fhéidir ar cor ar bith, do an-chuid ealaíontóirí agus eagraíochtaí ag déanamh sároibre. Is mar seo mar atá, de dheasca go bhfuil orainn freastal ar inmharthanacht is inbhuanaitheacht, chomh maith le breáthacht a thacú; le comheá a aimsiú idir agus laistigh na reimsí ealaíon; do thuiscintí spáis; do luach airgid' (ina ndéantar tomhas cuí air); agus don ghá le hinfheistiú i saothar nua, cleachtais nua is gnímh nua. Tá sé ríthábhachtach na tosca seo a thabhairt isteach san áireamh le cinntiú go bhfuil soláthar deá-mheáite mar thoradh ar ár ndáileadh maoinithe agus ar ár gcinntí eile.

Le linn na deich mbliana ón Acht Ealaíon 2003, bhí dhá thréimhse thar a bheith éagsúil óna chéile i dtaobh an rathúnais de do na healaíona. Ar dtús, bhí cúig bliana le leathnú agus forbairt suaithní ann le leibhéil infheistíochta nach bhfacthas cheana. Sna cúig bliana a leanas (2008-2013) chonacthas go raibh an múnla, a raibh forbartha chomh déanaí sin, go mór faoi bhrú méadaithe ag an laghdú géar is toibinne san infheistíocht phoiblí. Ag tabhairt aghaidh ar nádúr agus ar mhéid na ndúshlán os ár gcomhair, tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon faoi athbhreithniúchán mór i 2014 chun freagra a thabhairt ar conas a phleanálaimid, a rachaimid i bpáirtnéireacht, a chuirimid chun cinn agus soláthraimid do na healaíona. Fréamhaithe sa réalachas, ag cur gléas ar dhearcthaí na hearnála ealaíon agus ar na bpáirtnéirí is na bpáirtithe leasmhara, agus iad uile curtha in eolas maidir leis an taithí comparáideach sa bhaile agus thar lear, tá misneach orainn go gcruthóidh an t-athbhreithniúchán seo tairbhí fadtéarmacha do na healaíona.

AN CHOMHAIRLE EALAÍON

ÁR DTÉARMAÍ TAGARTHA

Bhunaigh an tAcht Ealaíon 1951 an Chomhairle Ealaíon agus tugadh dualgas di suim an phobail a spreagadh; eolas, léirthuiscint agus cleachtas a chur chun cinn; agus cabhrú le caighdeáin sna healaíona a fheabhsú. Rinne an tAcht 1973 forbairt ar an ról sin agus rinneadh éascú ar na mórghnímh sna deichbhlianta a leanas, go háirithe le rochtain phoiblí and páirtíocht an phobail a mhéadú. D'athluaigh an tAchta Ealaíon 2003 trí phríomhchuspóir na Comhairle Ealaíon agus rinneadh athchalabrú ar an gcaideamh idir an Chomhairle féin agus an Rialtas. Leagadh béim ar uathriail na Comhairle mar shainchomhlacht do mhaoiniú na n-ealaíon, ag stiúradh a bhforbairt, agus ag tabhairt comhairle ar chúrsaí ealaíon agus cultúir.

ÁR MISEAN

Baineann ár misean leis na healaíona a chur chun cinn agus a fhorbairt in Éirinn.

Déanfaimid é seo tríd:

- Tacú le healaíontóirí chun sárshaothar a dhéanamh
- Ligean do dhaoine taithí a fháil ar na healaíona
- Obair le páirtnéirí agus páirtithe leasmhara
- Comhairliú agus tacú

AN CHOMHAIRLE EALAÍON

ÁR BPRIONSABAIL

Déanann lárphrionsabail treoir ar ár n-obair agus bíonn tionchar acu seo ar ár gcinntí. Ag tabhairt faoinár ndualgaisí d'ealaíona reatha in Éirinn agus ag tacú le healaíontóirí a mhaireann:

- Aithmimid príomhaíocht na saoirse intleachaí is ealaíonta
- Leagaimid béim ar ár dtiomantas chun tacú le sármhaitheas – bainte amach agus folaigh
- Táimid tiomanta chun rochtain phoiblí agus páirtíocht a fhorbairt chun go dtiocfaidh an infheistíocht phoiblí sna healaíona ar ais mar thairbhe don méid is mó ar féidir
- Freastlaimid go cúramach ar éagsúlacht: sóisialta, cultúrtha agus teangeolaíoch, ag admháil an traidisiúin beo ach go háirithe ár n-oidhreacht dhétheangach. Cuirimid an-luach freisin le héagsúlacht laistigh de agus trasna na foirmeacha ealaíne agus in an-chuid comhthéacsanna agus cuir chuige a chomhdhéanann páirtíocht an phobail
- Tuigimid tábhacht na páirtnéireachta agus oibrimid i gcomhar le daoine eile sna healaíona; sa Rialtas lárnach is áitiúil; sna gníomhaireachtaí poiblí; san oideachas; agus i réimse an ghnó
- Tuigimid go gcuireann iad siúd go léir a oibrímid leo, nó ar a son, iontaobhas ionann agus inár bpróisis. Leiríonn ár gcórais agus ár gcleachtais ionracas, trédhearcacht, agus freagracht.

AN CHOMHAIRLE EALAÍON

ÁR NOBAIR

Na ceithre cholún a fhothacaíonn ár n-obair:

1. Comhairleacht

Tugaimid comhairle ar na healaíona, mar atá de dhualgas orainn faoi na hAchtanna Ealaíon. Tá ár gcomhairle faoi thionchar thaithí thar 60 bliain mar chomhlacht reachtúil ina bhfuil saineolas s'againne dílsithe sna baill, san fheidhmeannach agus sna próisis. Tá an saineolas seo saibhrithe agus breisithe trí chomhrá leanúnach le hearnáil na n-ealaíon agus lenár bpáirtnéirí. Cuirimid sa bhreis lenár saineolas trí lárthaighde agus gnímh fhorbartha a stiúradh. Oibrímid le cinntiú go bhfuil eolas faoi pholasaí ealaíon, pleanáil, soláthar agus cleachtas bunaithe go láidir agus go forleathan.

2. Tacaíocht

Labhraimid ar son agus tacaímid leis na healaíona ó chistí poiblí. Déanaimid é seo ar bhealaigh éagsúla, i raon comhthéacsanna agus le creideamh riamh i luach intreach na n-ealaíon – an ranníoc aonarach s'acu dár bhféiniúlacht agus an rítábhacht s'acu d'fholláine shóisialta is eacnamaíochta.

3. Infheistíocht

Tacaímid agus forbraímid na healaíona trí infheistíocht in ealaíontóirí agus in eagraíochtaí ealaíonta. Dálaimid deontais agus dámhachtainí agus soláthraímid raon leathan scéimeanna agus deiseanna eile. Chomh maith leis sin, cuirimid ár ladar isteach sa scéal nuair atá easnaimh chriticiúla i soláthar nó in áit go bhféadfaí tairbhe bheith ann do na healaíona trí ghnímh straitéiseacha. Déanaimid monatóireacht ar aschur agus ar thorthaí ár n-infheistíocht, ag lorg a luach a bhreisiú.

4. Páirtnéireacht

Oibrímid le páirtnéirí chun teacht ar na healaíona a leathnú agus imbhualadh na n-ealaíon a dhoimhniú. Cruthaímid caidrimh le heagraíochtaí chultúrtha eile, le hinstitiúidí tríú leibhéal, le hearnáil an ghnó, leis an Rialtas lárnach is áitiúil agus leis an earnáil phoiblí níos leithne.

ÁR SPRIOCANNA IS ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Tá ceithre eochairsprioc aitheanta ag an gComhairle Ealaíon chun freastal ar cheithre réimse freagrachta éagsúil ón chéile ach gaolta mar sin féin. Féachann ár gcreatlach straitéiseach amach chuig an earnáil ealaíon; freastlaíonn sí féin don phobal; féachann sí trasna chuig ár bpáirtnéirí; agus tugann sí aghaidh isteach chun freastal ar ár saothar féin.

Goal 1:
Tacú le agus forbairt ar shaothar na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon

Goal 2:
Ligean do bhreis daoine teacht ar na healaíona i mbreis áiteanna

Goal 3:
Ár gcaidreamh le páirtithe leasmhara agus le páirtnéirí *a fhorbairt*

Goal 4:
Saineolas agus éifeachtacht na Comhairle Ealaíon *a fheabhsú*

ÁR SPRIOCANNA IS ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Sprioc a 1:

Tacú le agus forbairt ar shaothar na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon

Cuspóir a 1

Saothar na n-ealaíontóirí aonair a thacú

- Cuirfimid maoiniú ar fáil agus oibreoimid le daoine eile chun acmhainní airgid is eile a chinntiú le tacaíocht a thabhairt do shaothar ealaíontóirí
- Oibreoimid le cinntiú go bhfuil an méid is mó ealaíontóirí, mar a a cheadaíonn acmhainní, in ann a n-uaillmhainta ealaíonta a fhíorú fad agus atá maireachtáil inbhuanaithe agus coinníollacha oibre a dhaingniú
- Tacóimid le agus dearsaímid deá-chleachtas i gcoimisiúnú agus i dtarraingt conarthaí d'ealaíontóirí. Féachaimid chuig na heagraíochtaí a fhaigheann maoiniú na Comhairle Ealaíon chun freastal ar choinníollacha eacnamaíochta na n-ealaíontóirí a bhfuil siad ag plé leo.

Cuspóir a 2

Saothar cuideachtaí, ensembles agus eagraíochtaí a thacú

- Cuirfimid maoiniú ar fáil, mar phríomhghníomhaireacht agus mar bhunmhaoinitheoir, agus oibreoimid le daoine eile chun acmhainní airgid is eile a chinntiú le tacaíocht a thabhairt do shaothar na n-eagraíochtaí ealaíon
- Déanfaimid infheistíocht, mar phríomhghníomhaireacht agus mar bhunmhaoinitheoir nó mar pháirtnéir, i gcruthú comhshaoil a chothaíonnn saothar na raon inmharthana de chomhlachtaí, ensembles agus eagraíochtaí (spásanna oibre; ionaid; eagraíochtaí acmhainne; táirgeoirí) a chuireann le forbairt agus le cur i láthair cleachtas ealaíonta den scoth.

Cuspóir a 3

Forbairt chleachtais thar na healaíona a thacú

- Tacóimid le nuálacht agus le turgnamhaíocht laistigh de agus idir foirmeacha ealaíne agus cleachtais, sa léiriúchán, sa láithriú agus sa pháirtíocht phoiblí
- Tacóimid le gnímh atá deartha chun cleachtas ealaíonta a fhorbairt a áiríonn léiriúchán ealaíon digiteach, scaipeadh agus fáiltiú.

ÁR SPRIOCANNA IS ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Sprioc a 2:

Ligean do bhreis daoine teacht ar na healaíona i mbreis áiteanna

Cuspóir a 4

Rochtain agus páirtíocht an phobail a mhéadú

- Oibrímid le cinntiú go bhfuil fáil ar eispéireas ealaíon d'ardcháilíocht do raon leathan daoine ar fud na tíre. Beidh sé seo i gcroílár ár gcinntí infheistíochta más mar ghníomhaireacht cheannais nó mar pháirtnéir agus comh-mhaoinitheoir
- Rachaimid ag lorg páirtíocht sna healaíona i measc an phobail a mhéadú agus a leathnú a bhfuil rannpháirtíocht s'acu tearnta ag bacanna éagsúla.

Cuspóir a 5

Forbairt an lucht féachana a thacú agus a chur chun cinn

- Oibrímid leis na heagraíochtaí a dtugaimid maoiniú dóibh agus lenár bpáirtnéirí chun uimheacha agus cuimsiú déimeagrafach na luchtanna féachana a leathnú
- Tacóimid le gnímh a leathnaíonn raon agus nádúr na n-eispéireas ealaíon ar fáil ar fud na tíre
- Méadóimid fios agus eolas maidir le luchtanna féachana agus feabhsóimid toirt na hearnála ealaíon sa mhargaíocht agus i bhforbairt lucht féachana.

Cuspóir a 6

Deiseanna do pháistí agus do dhaoine óga a chruthú

- Tacóimid le raon clár ar ardchaighdeán chun freastal ar ghánna agus ar thoirt na bpáistí agus ndaoine óga laistigh nó lasmuigh den scoil. Déanfaimid é seo trínár dtionscnaimh féin agus trínár dtacaíocht d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon
- Tacóimid agus oibreoimid le ranna cuí an Rialtais agus le páirtnéirí eile chun go mbeidh na healaíona i gcroílár eispéireas na bpáistí agus na ndaoine óga i scoileanna s'acu agus saolta s'acu lasmigh den scoil.

ÁR SPRIOCANNA IS ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Sprioc a 3:

Ár gcaidreamh le páirtithe leasmhara agus le páirtnéirí *a fhorbairt*

Cuspóir a 7

Ár gcaidreamh leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta is Gaeltachta mar lárpháirtithe leasmhara agus leis an Rialtas mór a fhorbairt

- Oibreoimid go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta agus leis na ranna Rialtais go léir, mar atá cuí, chun tacú le maoiniú poiblí sna healaíona; chun sainchomhairle ar chúrsaí ealaíon is cultúrtha a sholáthar; agus chun na healaíona thar réimsí cuí an Rialtais go léir i dtaobh polasaí, pleanála agus soláthair a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Rachaimid ag lorg acmhainní a dhaingniú d'infheistíocht chaipitil sna healaíona agus le féachaint go bhfuil maoiniú caipitil ar fáil don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus na Gaeltachta chun go laghdófar uallach na mbuanchostas, go háirithe d'eagraíochtaí ealaíonta suite i bhfoirgnimh. Rachaimid ag lorg leis an infheistíocht chaipitil i mbonneagar ealaíon a chinntiú thar na deichbhlianta beaga, a bheidh daingnithe trí chothabháil agus trí chláir athnuachana.

Cuspóir a 8

Ár gcomhaontais straitéiseach leis an rialtas áitiúil a fhorbairt

- Oibreoimid le struchtúir an rialtais áitiúil agus go háirithe i bpáirtnéireacht le húdaráis áitiúla aonair chun tacú le soláthar ealaíon inmharthana ar fud na tíre. Beidh tionchar ar chúrsaí tíreolaíocha is fhoirmeacha ealaíne ar infheistíocht s'againne sna healaíona áitiúla a eascraíonn ónár dtéarmaí tagartha mar ghníomhaireacht fhorbartha náisiúnta na n-ealaíon.

Cuspóir a 9

Páirtnéireachtaí ealaíon agus lárchaidrimh eile a fhorbairt

- Oibreoimid go dlúth le lárchomhlachtaí ealaíon is cultúrtha sa bhaile agus thar lear le heolas agus le hacmhainní a roinnt agus le chomhchuir chuige réadtiomnaithe ar cheisteanna comhleasmhara
- Oibreoimid le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí lasmuigh de na healaíona ach le leasa iomchuí chun polasaí agus cleachtas i réimsí comhspéise a chur chun tosaigh.

ÁR SPRIOCANNA IS ÁR GCUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Sprioc a 4:

Saineolas agus éifeachtacht na Comhairle Ealaíon *a fheabhsú*

Cuspóir a 10

Pleanáil agus bainistiú go straitéiseach

- Tabharfaimid faoi athbhreithniúchán mór le linn 2014 deartha le go gcuirfear in eolas ar ár bpleanáil straitéiseach d'fhorbairt mheántéarmach go fadtéarmach sna healaíona
- Leanfaimid ar aghaidh le próisis a uchtú do phleanáil corparáideach, do bhainistíocht airgeadais agus do thomhas feidhmithe maraon leis na cleachtais is fearr do ghníomhaireacht phoibl
- Cinnteoimid go mbeidh ár ngnímh agus ár gcinntí ar aon dul lenár bpolasuithe agus lenár straitéisí sonraithe

Cuspóir a 11

Infheistíocht poiblí a bhainistiú go héifeachtúil agus go héifeachtach

- Leanfaimid ar aghaidh le hairgead poiblí a infheistiú go cúramach agus le misneach an phobail a fhothacú inár ndáileadh agus monatóireacht s'againne ar na tacaíochtaí curtha ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí
- Déanfaimid cosaint ar uathriail s'againne maidir le cinntí a dhéanamh mar atá leagtha amach sna hAchtanna Ealaíon
- Déanaimid monatóireacht ar inmharthanacht agus ar inbhuanaitheacht na n-eagraíochtaí agus na gclár a thugaimid tacaíocht dóibh
- Déanaimid athbhreithniúchán agus, mar a mheasaimid bheith cuí, ceartú ar na múnlaí buiséid bhunaithe, ar na caidrimh mhaoinithe agus ar leibhéil infheistíochta, leis na torthaí straitéiseacha a bharrfheabhsú.

Cuspóir a 12

Comhairliú go saineolach agus tacú go húdarásach

- Déanfaimid forbairt ar ár n-eolas, ar ár saineolas agus ar ár n-acmhainní cumarsáide chun go bhfeabhsóimid ár dtéarmaí tagartha le spéis an phobail a spreagadh, eolas a chur chun cinn agus sainchomhairle a sholáthar.

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302

Callsave 1890 392 492
www.artscouncil.ie